Údarás na Gaeltachta

*Páirc Ghnó an Daingin, Baile an Mhuilinn,*
*Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí V92 TX48*
*☎ +353 (0) 66 9150100 🖷 +353 (0) 66 9150101*
*✉ eolas@udaras.ie 🌍 www.udaras.ie*

**An Feidhmeannach Pleanála Sinsearach**
**Aonad Polasaí Pleanála**
**Comhairle Chontae Chiarraí**
**Áras an Chontae**
**Trá Lí**
**Co. Chiarraí**

**21 Feabhra 2020**

A chara,

Is mian liom tagairt a dhéanamh do **Dréachtphlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028.** Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh an deis a bheith páirteach sa bpróiseas pleanála seo maidir le moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle i gcomhthéacs forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus cultúrtha na Gaeltachta. Tagraím freisin don aighneacht deireanach a cláraíodh leis an gComhairle ar an 19 Lúnasa 2020 agus na moltaí a rinneadh intí agus atá tógtha ar bord ag an gComhairle sa dréacht foilsithe seo anois agus beimid ag treisiú ar roinnt míreanna agus moltaí sa cháipéis seo a bhfuil gá, creidimid, le háireamh. Chuige sin, cuirim chugat ár gcuid tuairimí agus moltaí ó thaobh na leasaithe molta ar an ndréachtphlean thuasluaite.

Tá sé léirithe ag Údarás na Gaeltachta le 40 bliain anuas go bhfuil ról rathúil aige i dtaca le forbairt teanga, eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeltachta agus tá obair na heagraíochta fréamhaithe i saol eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na gceantar sin. Tá cúraimí agus freagrachtaí straitéiseacha uathúla ar an eagraíocht as an nGaeltacht agus tá cur chuige comhtháite aige i leith forbairt na Gaeltachta. Lena chinntiú go mbeidh Gaeltacht rathúil inbhuanaithe ann níor chóir go mbreathnófaí ar an teanga, ar an eacnamaíocht, ar an bpobal agus ar an timpeallacht mar nithe atá scartha óna chéile.

Tá Straitéis Nua an Údaráis á chur i bhfeidhm ó cuireadh an aighneacht deiridh daoi bhráid na Comhairle. Seo a leanas cur síos ar a bhfuil sonraithe sa Straitéis sin ó thaobh Ráiteas Misin agus Fís Údarás na Gaeltachta don tréimhse romhainn.

*Ráiteas Misin agus Fís Údarás na Gaeltachta*

Is é ráiteas misin an Údaráis ná:

*"*Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú, ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomh theanga, agus ina bhfuil saol den chéad scoth ar fáil, idir fhostaíocht, shochaí agus chultúr*"*.

Is í fís Údarás na Gaeltachta

*"*Pobail bríomhar inbhuanaithe tuaithe atá fréamhaithe sa dúchas ina mbeidh an Ghaeilge mar an príomh theanga phobail*"*

Déanann an tÚdarás gach iarracht na cuspóirí seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teanga bhunaithe, pobail agus cultúrtha.

1. **Straitéis Nua an Údaráis:**

| | |
|---|---|
| **FÍS DON GHAELTACHT** | Pobail bríomhar inbhuanaithe tuaithe atá fréamhaithe sa dúchas ina mbeidh an Ghaeilge mar an príomh theanga phobail |
| **FÍS DON ÚDARÁS** | Scoth eagraíocht Stáit a imríonn tionchar dearfach agus intomhaiste ar fhorbairt chultúrtha, eacnamaíochta, sóisialta agus teanga na bpobal Ghaeltachta |
| **MISEAN** | Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú, ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomh theanga, agus ina bhfuil saol den chéad scoth ar fáil, idir fhostaíocht, shochaí agus chultúr |

## Téamaí na Straitéise

Is iad na téamaí atá roghnaithe againn don straitéis seo ná: Cumasú, Neartú agus Inbhuanaitheacht agus tá siad seo fite fuaite ins na gníomhaíochtaí a bheifear ag díriú orthu sa tréimhse 2021-2025.

## Bunús leis na téamaí

Is trí rath a bheith ar chúrsaí eacnamaíochta, ar mheanma an pobal agus ar mhórtas teanga is fearr is féidir linn ceantair uathúla eiseamláireacha Gaeltachta a chothú ina bhfuil an Ghaeilge chun cinn mar teanga labhartha an phobal. Tá sé mar fhís ag an Údarás go mbeidh na pobail Ghaeltachta inbhuanaithe i ngach gné den saol agus go mbeidh ról lárnach againn i gcumasú agus i neartú na bpobal chun an méid sin a bhaint amach. Tacófar le inmharthanacht na gceantar Gaeltachta trí infheistíocht a dhéanamh in acmhainní daonna, in acmhainní nádúrtha agus in acmhainní caipitil na Gaeltachta ar bhealach a bhíonn chun leasa na bpobal agus na timpeallachta ina

maireann muid. Tá tábhacht ar leith le glúin óg a spreagadh agus a chumasú chun bheith mar cheannairí don todhchaí. Is féidir é seo a bhaint amach trí timpeallacht, áiseanna agus scileanna a fhorbairt, i gcomhpháirt le geallsealbhóirí eile, a chumasaíonn aos óg na Gaeltachta.

### Cumasú

***"Ag cur na deiseanna agus na hacmhainní ar fáil do dhaoine, don phobal agus do ghnóthaí le forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh"***

- Meon cruthaitheach agus nuálaíoch a spreagadh agus a thógáil sna pobail Gaeltachta.
- Daoine a chumasú trí chlár leathan oiliúna agus traenála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na Gaeltachta.
- Pobail a ghríosú agus a chumasú trí chlár leathan oiliúna a reáchtáil do na comhlachtaí pobal bhunaithe
- Comhlachtaí a chumasú trí réimse dreasachtaí a chur ar fáil le cuidiú leo cláir oiliúna oiriúnacha a chur ar bun ina gcuid gnólachtaí.

### Neartú

***"Ag láidriú agus ag treisiú an bonneagar daonna, teanga, cultúir eacnamaíochta agus pobal sa Ghaeltacht"***

- Bonn láidir a chur faoin struchtúr pobail sa Ghaeltacht agus é a neartú trí thacaíochtaí a chur ar fáil a chuirfidh ar cumas na heagrais phobal bhunaithe tograí rathúla a chur ar bun ina bpobail féin.
- Tacú le comhlachtaí bunú, buanú agus fás sa Ghaeltacht trí réimse leathan dreasachtaí a chur ar fáil dóibh agus trí thimpeallacht fiontraíochta a chruthú agus a chothú.
- Comhpháirtíocht a chothú le geallsealbhóirí san earnáil phoiblí, san earnáil dheonach agus san earnáil phríobháideach chun bonneagar eacnamúil, fisiciúil, sóisialta agus cultúrtha na Gaeltachta a neartú.

### Inbhuanaitheacht

***"Ag tacú le forbairt na gceantar Gaeltachta ar bhealach atá seasmhach agus airdeallach ar an timpeallacht chultúrtha, eacnamaíochta agus ar an gcomhshaol ina maireann muid"***

- Ár bpáirt a imirt chun pobail inbhuanaithe Gaeltachta a chruthú ina mbeidh an Ghaeilge chun cinn mar an teanga labhartha pobail.
- Beidh an tÚdarás gníomhach ag tacú le tograí a chuireann le féinleorgacht na gceantar Gaeltachta agus a aithníonn iad mar cheantair shainiúla ó thaobh teanga, cultúr, fiontraíocht agus cruthaíocht.
- Na gnéithe seo a bheith bunaithe ar acmhainní timpeallachta, nádúrtha, daonna agus cultúrtha na Gaeltachta,
- Cur le féiniúlacht na Gaeltachta trí bhranda láidir aitheanta a chur chun cinn mar pháirt lárnach d'inbhuanaitheacht na Gaeltachta.

*Ról na bPáirtithe Leasmhara*

Ní hí an Ghaeltacht aisti féin amháin a chinnteoidh gach a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta, agus ní chinnteoidh Údarás na Gaeltachta as féin é ach an oiread. Cé go leanfaidh an tÚdarás leis an dualgas atá leagtha air a chomhlíonadh, níl sé ar ár gcumas tionscnaimh áirithe a chur i bhfeidhm mura mbíonn siad de chúram reachtúil orainn. Tá ról lárnach ag na húdaráis éagsúla eile, Comhairle Contae Chiarraí ina measc, i bhforbairt agus i gcaomhnú na teanga. Cé go bhfuil feidhmeanna agus tionscnaimh ar son na Gaeltachta agus na Gaeilge á dtreorú ag an Údarás, tá sé tábhachtach go dtuigfí go bhfuil siad i gcroílár na forbartha pobail sna ceantair Ghaeltachta agus dá réir gur feithicil iad do chomhoibriú cuimsitheach agus comhtháite. Tá gach eagraíocht in ann páirt a ghlacadh san iarracht meath na teanga sa Ghaeltacht a chasadh timpeall, Comhairle Contae Chiarraí san áireamh.

Tá breis eolais faoi obair an Údaráis le fáil ag www.udaras.ie

## 1.0 Gaeltacht Chontae Chiarraí

Ba mhaith linn suntas a thabhairt do dhréacht foilsithe an Phlean Forbartha seo agus go háirithe do Chaibidil 8 atá tiomnaithe ina iomlán do na ceantair Ghaeltachta sa Chontae.

Tá dhá cheantar ar leith i nGaeltacht Chiarraí – ceantar amháin i gCorca Dhuibhne agus ceann eile in Uíbh Ráthach - agus tá daonra de 8,756 (Daonáireamh 2016) inti, sin 6% de dhaonra Chiarraí agus 8.8% de dhaonra iomlán na Gaeltachta.

Tá achar tíreolaíochta de 642km2 i nGaeltacht Chiarraí agus is ionann sin agus thart ar 9% de thalamh uile na Gaeltachta.

In 2021, bhí 617 duine fostaithe go lánaimseartha i gcliant chomhlachtaí de chuid an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí.

## 2.0 Moltaí Sonracha i dtaca leis an bPlean Forbartha Contae 2022-2028:

Sa mhéid a leanann, tá coimriú déanta ar mholtaí Údarás na Gaeltachta agus súil againn go dtógfaidh an Chomhairle na moltaí seo san áireamh agus an Plean Forbartha Contae 2022 - 2028 á thabhairt chun críche acu.

| **Caibidil 1:** | **Réamhrá** |
| --- | --- |
| | Lth 8 mapa moltar go ndéanfar Corca Dhuibhne/Castleisland a leagadh amach ar an mapa seachas mar atá Castleisland/Corca Dhuibhne. Moltar freisin go mbeadh na ceantair Ghaeltachta sa Chontae áirithe ar an mapa seo. |
| | Tacaíonn an tÚdarás leis na mianta atá leagtha amach sa chaibidil seo i gcomhthéacs an Creat Pleanála Náisiúnta 2040, Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, Na Pleananna Forbartha |

| | |
|---|---|
| | Spásúla agus Eacnamaíochta mar aon leis an Margadh Glas Eorpach 2019 agus an Plean maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus tagann na spriocanna seo le Straitéis Forbartha Nua an Údaráis. |
| **Caibidil 2:** | **Athrú Aeráide agus todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach** |
| | Tagann na mianta atá leagtha amach sa chaibidil seo leo siúd atá lárnach i Straitéis an Údaráis i gcomhthéacs Athrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht. |
| **Caibidil 3:** | **Straitéis Croílar agus Lonnú** |
| | Tacaíonn an tÚdarás leis na mianta atá leagtha amach sa chaibidil seo. Ba mhór againn díriú ar an cheist faoi lonnú. Tá an tÚdarás don tuairim gur chóir díriú ar thacú leo siúd atá ag iarraidh cur fúthu ina ceantair dhúchais, atá ag iarraidh oibriú agus clann a thógáil sna ceantair Ghaeltachta chomh fada agus is féidir. Ba chóir go mbeadh ceist faoi phleanáil sa Ghaeltacht agus todhchaí na pobail tuaithe go hard mar sprioc forbartha agus caomhnaithe mar chuid lárnach d'aon Phlean Forbartha. Mura bhfuil pobail againn beidh tír agus ceantair gan teanga againn. |
| **Caibidil 4:** | **Bailte Móra agus Sráidbhailte** |
| | Ba chóir go ndéanfaí gach gur féidir chun charachtair na mbailte móra agus sráidbhailte na Gaeltachta a chaomhnú agus go mbeadh aon fhorbairt atá beartaithe iontu déanta ar bhonn tomhaiste. |
| **Caibidil 5:** | **Tithíocht Tuaithe** |
| | Tá gearrchéim tithíochta ní amháin ar bhonn Náisiúnta ach ar bhonn áitiúil sna ceantair Ghaeltachta freisin. Caithfear dul i ngleic le tithe saoire agus tithíocht atá ceadaithe nach mbeidh in úsáid ar bhonn lánaimseartha. Tá gá le polasaí tithíochta do na ceantair Ghaeltachta le déanamh cinnte de go gcaomhnófar an teanga, cultúr agus oidhreacht an cheantair. Tá féidearthachtaí ann féachaint ar thalamh sa Ghaeltacht le forbairtí tithíochta inbhuanaithe a fhorbairt orthu a bheidh curtha ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh cónaí agus cur fúthu sa Ghaeltacht. |

| | |
|---|---|
| **Caibidil 6:** | **Pobail Inbhuanaithe** |
| | Tá go leor de na moltaí, mianta agus spriocanna atá leagtha amach sa chaibidil seo ar bun ag an Údarás faoi láthair tríd na scéimeanna Eorpacha atá á reáchtáil againn. Tá sé mar mhór sprioc i Straitéis an Údaráis go mbeadh na ceantair Ghaeltachta aitheanta mar cheantair atá inbhuanaithe amach anseo. |
| **Caibidil 7:** | **Tithíocht don Uile Dhuine** |
| | Aontaíonn an tÚdarás leis na mianta atá leagtha amach sa chaibidil seo faoi tithíocht don uile dhuine agus tabharfar gach tacaíocht don gComhaile ina n-iarrachtaí na spriocanna seo a bhaint amach. |
| **Caibidil 8:** | **Ceantair Ghaeltachta, Cultúir agus Oidhreacht** |
| | Tá gá inár dtuairim an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a lua go sonrach faoi Chaibidil 8 san alt faoi mhír 8.1.1 ina ndéantar tagairt do comhthéacs pholásaí náisiúnta agus réigiúnach. Tugtar suntas go bhfuil tagairt déanta do ar lth 16 sa Réamhrá ach baineann sé leis an nGaeltacht agus na ceantair Ghaeltachta agus ba chóir é a lua ar cheann de na míreanna faoin ceannteideal thuasluaite. |
| **8.1:** | **Ceantair Ghaeltachta** |
| | Moltar BSG Dhaingean Uí Chúis a mharcáil ar an léarscáil sa dá leagan, agus 'Baile Seirbhíse Gaeltachta' a úsáid in áit 'Gaeltacht Service Town' sna heochair sa leagan Ghaeilge. Sa dá leagan, tá an fhoirm mhícheart den logainm 'Uíbh Ráthach' le feiceáil ar an léarscáil. |
| **Mír 8.1.1.** | **Comhthéacs Polasaí** |
| **An Straitéis 20 Bhliain don Ghaeilge, 2010-2030** | Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais in Éirinn a mhéadú go 250,000 duine, líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht a ardú 25% agus líon na ndaoine a bhfuil eolas acu ar an nGaeilge a mhéadú go 2 mhilliún duine thar shaolré na Straitéise. |

| | |
|---|---|
| | Ar ndóigh is aidhm thar a bheith uaillmhianach agus dhúshlánach í seo, ní hamháin d'Údarás na Gaeltachta agus do phobal na Gaeltachta ach don Stát agus don Státchóras trí chéile. |
| **8.1.1.1** | **Polasaí Náisiúnta** |
| | Moltar na hacrainmneacha LPT agus BSG a úsáid in áit LPT agus GST sa leagan Gaeilge den phlean forbartha. Moltar chomh maith tagairt do na Líonraí Gaeilge sa gcur síos ar na ceantair phleanála teanga a aithnítear faoi Acht na Gaeltachta 2012. |
| **8.1.1.2** | |
| | Alt 2<br>Litriú Uibh a leasú go Uíbh<br>Litriú Daingean Ui Chúis a leasú go Daingean Uí Chúis |
| **8.1.2** | |
| | Litriú sa tábla mí chruinn<br>Chorca Dhuibhne a leasú go Corca Dhuibhne<br>Uibh Rathaigh a leasú go Uíbh Ráthach<br><br>Nó<br><br>Tag Béarla – Ciarraí Thiar = West Kerry<br>Tag Béarla – Ciarraí Theas = South Kerry |
| **8.1.3** | **Caomhnú na Gaeilge** |
| | – Chomh maith le '[h]áiseanna um mhúineadh na Gaeilge a sholáthar dóibh siúd a mbíonn a leithéid de sheirbhís uathu' (i. deiseanna foghlama Gaeilge), moltar tagairt don tábhacht a bhaineann le deiseanna úsáide Gaeilge a thairiscint go gníomhach.<br><br>– Moltar tagairt do Dhúchas an Daingin (an branda atá in úsáid ag Plean Teanga Dhaingean Uí Chúis) sa tríú paragraf (agus faoi KCDP 8-6) agus don tacaíocht a chuirfidh Co.Co Chiarraí ar fáil do na ceanneagraíochtaí pleanála teanga sa dá BSG lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith. |


| | |
|---|---|
| **8.1.3.1** | **Polasaithe na Gaeilge** |
| | Moltar tagairt do dheiseanna úsáide Gaeilge chomh maith le deiseanna foghlama faoi 'Áiseanna'. |
| **8.1.3.2** | **Ráitis Tionchar Teanga & Clásal Seilbhe** |
| | Moltar an caighdeán líofachta don Chlásal Glactha teanga a ardú ó B2 go B1. |
| **KCDP 8-7** | |
| | Leasú beag molta sa téacs a ghabhann leis an mhír seo mar a leanas:<br><br>Ensure that developments of multiple residential units (3 or more) in An Ghaeltacht settlements shall be subject to linguistic and occupancy requirements in order to protect and sustain the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht areas including the promotion of Irish as the community language. |
| **KCDP 8-8:** | |
| | Moltar an céatadán a ardú o 66% go 75%. |
| **8.1.4** | **Scairshealbhóirí na Gaeltachta agus Forbairt Eacnamaíochta** |
| | Alt 3 – Údarás Na Gaeltachta a leasú go Údarás na Gaeltachta<br><br>Freisin san alt seo tá tagairt déanta do na LPT agus do na BSG. Seo a leanas an t-eolas cruinn atá le háireamh san alt:<br><br>Tá 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ann go náisiúnta agus 16 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG), 3 cinn acu sin lonnaithe sa nGaeltacht agus faoi chúram Údarás na Gaeltachta (An Clochán Liath, Béal an Mhuirthead agus Daingean Uí Chúis) agus na 13 cinn eile lasmuigh den Ghaeltacht agus faoi chúram an Fhorais.<br><br>Tá 2 LPT i gCiarraí – Ciarraí Thiar agus Ciarraí Theas – agus 3 BSG. Tá ceann acu sin, an Daingean, taobh istigh den Ghaeltacht agus tá an dá cheann eile – Trá Lí agus Cathair Saidhbhín – taobh amuigh de theorainn na Gaeltachta. |

| | |
|---|---|
| | Alt 5 – leasaigh Gaeltactaí area go Gaeltacht areas. |
| **8.1.4.2** | **Údarás na Gaeltachta** |
| | Alt 2 – tá gá an t-alt seo a áireamh faoi cheannteideal '*An Gréasán Náisiúnta Gteic*' faoi mar atá sonraithe taobh thíos den tábla seo maraon leis an mapa atá curtha ar fáil. |
| **8.1.4.3** | **Mol Nualaíochta agus Cruthaitheach an Daingin** |
| | Alt 2 – leasaigh an t-alt mar a leanas:<br><br>Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. in Baile an Fheirtéaraigh offer further economic opportunities for the area. |
| **KCDP 8-13** | |
| | Leasaigh Údarás na Gaeltachta go Údarás na Gaeltachta sa mhír seo |
| **KCDP 8-14** | |
| | Leasaigh Údarás na Gaeltachta go Údarás na Gaeltachta sa mhír seo |
| **Caibidil 9:** | **Forbairt Eacnamaíochta** |
| | Tacaíonn an tÚdarás leis na moltaí agus na spriocanna atá leagtha amach sa chaibidil seo agus táimid ar fáil chun tacú le agus có-oibriú le na scairshealbhóirí uile sa Chontae chun na spriocanna sin a bhaint amach. |
| **Caibidil 10:** | **Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire Amuigh Faoin Spéir** |
| **10.3.1** | **Slí an Atlantaigh Fhiáin** |
| | De bharr go bhfuil cuid mhór de Shlí an Atlantaigh Fhiáin i gCiarraí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, moltar go ndíreoidh Comhairle Contae Chiarraí ar chur chun cinn na turasóireachta teangeolaíochta mar chuid de chur chun cinn Shlí an Atlantaigh Fhiáin (KCDP 10-11 agus KCDP 10-12).<br><br>Moltar go dtabharfaí aitheantas sa Phlean Forbartha seo do thograí straitéiseacha ar leith atá ar bun i gCiarraí go bhfuil dlúth-bhaint acu le cothú na hearnála turasóireachta le giniúint fostaíochta agus fiontraíochta i limistéir Gaeltachta Chiarraí. Tá tagairt sonrach déanta do na tograí straitéiseacha sin san aighneacht a cláraíodh libh i mí Lúnasa 2020. |

<table>
<tr><td></td><td>Ní fheictear dúinn go bhfuil aon tagairt sonrach déanta do na Pleananna Forbartha Eispéireas Cuairtaíochta (VEDP) mar chuid den bPlean agus is gá iad a lua i gcomhthéacs forbairt na hearnála Turasóireachta sa Chontae trí chéile.<br><br>• Plean Forbartha Chósta na Sceilge ar Eispéireas Cuairteora (Skellig Coast Visitor Experience Development Plan)<br><br>• Eispéiris Cuartaíochta Chorca Dhuibhne (Dingle Peninsula Visitor Experience Development Plan)<br><br>Is fiú na bealaí thíosluaite a lua freisin:<br><br>• Bealach Glas Uíbh Ráthaigh<br>• Bealaí Rothaíochta na Dromoda (Údarás na Gaeltachta, 2019)<br>• Bealach Gorm Chósta na Sceilge<br>• Tionscnamh na Spéire Dorcha in Uíbh Ráthach</td></tr>
<tr><td>Caibidil 11:</td><td>An Timpeallacht</td></tr>
<tr><td></td><td>Tuigeann an tÚdarás an tábhacht a ghabhann leis an timpeallacht agus tá gach tacaíocht ar fáil uainn chun na spriocanna sonracha seo atá leagtha síos sa chaibidil seo a bhaint amach i gcomhair le scairshealbhóirí eile sa Chontae</td></tr>
<tr><td>Caibidil 12:</td><td>Fuinneamh</td></tr>
<tr><td></td><td>Tá an tÚdarás tiomáinte tacú leis na spriocanna atá leagtha amach sa chaibidil seo agus oibriú le na scairshealbhóirí chun iad a bhaint amach.</td></tr>
</table>

## 3.0 An Gréasán Náisiúnta Gteic:




Táimid don tuairim go bhfuil gá mír ar leith a thabhairt don ngréasán náisiúnta Gaeltachta seo atá forbartha ag Údarás na Gaeltachta fud faid na Gaeltachta. Go dáta tá c. 26 Mhol oscailte i gcontaetha Ciarraí, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh agus Maigh Eo. Tá meascán de spás fiontraíochta, oifigí agus araile forbartha mar chuid den ghréasán seo go dáta. Cuireann na háiseanna seo leis an infreastruchtúr agus áiseanna atá ar fáil dóibh siúd atá i mbun gnó nó ag cianoibriú ón nGaeltacht. Ciallóidh sé go mbeidh breis áiseanna, seirbhísí agus deiseanna ar fáil do dhaoine le hoibriú as na láithreacha seo sa Ghaeltacht.

Sna moil seo, cuirtear réimse leathan áiseanna agus seirbhísí ar fáil mar shampla:

- Áiseanna oifige príobháideacha
- Spás oifige roinnte
- Áiseanna cruinnithe
- Áiseanna teileachomhdhála

Is ceart tagairt ar leith a dhéanamh don ghréasán seo mar aon leis an mapa a ghabhann leis i gcomhthéacs fhorbairt na fiontraíochta agus áiseanna/seirbhísí cianoibrithe atá ar fáil sa chontae mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae 2022-2028.

## 4.0 Criosú Forbartha cuí d'Eastáit agus Tailte Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Chiarraí:

Tá sé riachtanach go ndéanfaí na láthair luaite thíos a áireamh faoi criosú forbartha tionsclaíoch agus ábharach eile faoi Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028. Cabhróidh an chriosú seo le hÚdarás na Gaeltachta aon fhorbairt gnó nó tionsclaíoch a eascróidh as fiosrúcháin sa todhchaí a lonnú in aon cheann de na láthair mar leanas:

**Ciarraí Thiar:**

- Eastát Tionscail: Baile na Buaile, An Ghlaise Beag, Baile an Eanaigh, Baile Mhic an Dúil (Baile an Ghóilín)
- Páirceanna Gnó: an Daingin, Na Coille, An Chúilín, An Bhuailtín, Bhaile an Fheirtéaraigh (An Máimín)

Suímh:
- Gallaras
- Sliabh an Droichid (Clochán)
- Na Gorta Dubha
- Baile an Fheirtéaraigh Thiar

**Ciarraí Theas:**

- Eastáit Tionscail: Clochán na nUagh, Dhún Géagán(Ceardlann Chill Rialaig), Na Cualla
- Páirceanna Gnó: Ceann Éich

Suímh:
- Seanachnoc (tithíocht)
- Inse na Toinne, Inse Buí agus Faill Dronnach *(foraois agus talamh portaigh atá iontu seo faoi láthair)*

Tá sé rí thábhachtach go mbeadh an criosú cuí sonraithe do na hEastáit agus tailte uile an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí Thiar agus Theas mar go gcabhróidh sé le feidhm a thabhairt do Straitéis an Údaráis mar aon le pleananna forbartha an Údaráis sa cheantar seo agus an Plean Forbartha Contae á chur i gcrích.

Iarrtar ar Chomhairle Chontae Chiarraí go dtógfaí na moltaí mar atá sonraithe thuas ar láimh agus go mbeadh siad áirithe i bPlean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028.

## 5.0 Forbairt Tithíocht Inbhuanaithe sa Ghaeltacht

Tá inmharthanacht na Gaeltachta agus na Gaeilge mar theanga phobail ag braith ar dhaoine atá ábalta agus sásta an Ghaeilge a labhairt a bheith in ann cónaí sna ceantair áirithe seo agus iad ag glacadh páirte atá gníomhach agus bríomhar ins gach gné den saol sna pobail seo.

Is léir go bhfuil teipthe ar an mhargadh tithíochta (díol agus ar cíos) sna ceantair Gaeltachta fud faid na tíre agus é seo tarlaithe ar chúiseanna éagsúla. Tugann an Plean Forbartha Contae úr seo deis dóchais do phobal na Gaeltachta agus fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimhe agus roimh an deis a dtuairimí a nochtadh i leith an ábhar seo.

Chun dul i ngleic leis an dteip thuas luaite, tá sé riachtanach go mbeidh áisitheoireacht déanta ar cur chuige tithíochta i gceantar Gaeltachta atá inmharthanach

- ó thaobh na timpeallachta de, ag tógáil san áireamh infheistíocht stáit riachtanach ar chórais uisce agus séarachais atá de dhíth ar bhonn phráinne

- ó thaobh na heacnamaíochta de, ní hamháin ag áireamh na hoibre atá beartaithe ó thaobh an geilleagair digiteach de faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus straitéis reatha eile sa réimhse seo, ach ag leagadh béime freisin ar an t-éileamh ar fhostaithe atá ag gnónna na Gaeltachta nach féidir a fhreagairt go héifeachtach faoi láthair cheal lóistín áitiúil a bheith ar fáil dóibh

- ó thaobh caighdeán saoil an phobail de, ag tógaint ceann go cuí ar mhianta theaghlaigh go dteastaíonn fanacht sa cheantar inar tógadh iad féin, leis na buntáistí shóisialta, clainne, cúraim a ghabhann leis sin

- ó thaobh úsáid acmhainní stáit sa cheantar de, san áireamh stoc maoine idir fhoirgnimh agus talamh atá i sheilbh gníomhaireachtaí stáit cheana féin, chun tithíocht ar phraghas réasúnta, a fhanfaidh lasmuigh den earnáil turasóireachta go buan, a chur ar fáil

## 5.1 Forbairt Tithíocht Inbhuanaithe:

Tá sé de chuspóir ag Údarás na Gaeltachta tacú le forbairt tithíocht inbhuanaithe sa Ghaeltacht agus freisin táimid mar phríomh eagras forbartha sna ceantair Ghaeltachta sásta féachaint ar an punann talúin atá inár seilbh agus má tá cuid de sin oiriúnach le forbairt táimid sásta có-oibriú leis an Comhairle cuí chun a leithéid de chuspóir a bhaint amach. Tá tábhacht ar leith ag baint le forbairt inbhuanaithe tithíochta, rud a chuirfidh le cothú pobail tuaithe Gaeltachta, a chuirfidh le geilleagair na ceantair tuaithe agus leis an eacnamaíocht áitiúil. Tá tábhacht ar leith le deis a thabhairt do dhaoine de bhunaibh na Gaeltachta agus iad siúd atá báúil don nGaeltacht agus don Ghaeilge cur fúthu sa cheantar agus cead pleanála a fháil más é a mian.

## 5.2 Suíomh - An Seanchnoc Folio: KY7970F:

Tá suíomh de chuid an Údaráis ag Seanchnoc i nGaeltacht Chiarraí Theas aitheanta mar shuíomh ag an eagraíocht go bhfuil féidearthachtaí forbartha ann ó thaobh tithíocht inbhuanaithe. Tá gá inár dtuairim go bhféachfaí ar na ceantair tuaithe don Chontae i gcomhthéacs polasaí tomhais 89 go mbeadh an ceantar tuaithe le feiceáil mar 'tírdhreach go bhfuil pobal ag cónaí iontu'. Tá féidearthacht anseo forbairtí tithíochta a fhorbairt i gcomhair le heagrais forbartha mar an tÚdarás agus pobal an cheantair mar is cuí ag baint úsáid as punann maoine atá i seilbh an phobail agus an Stáit sna Gaeltachtaí.

### 5.3 Coinníollacha Teanga agus Forbairt Eastáit Tithíochta Nua:

Tá sé tábhachtach go mbeadh coinníollacha teanga luaite le gach forbairt Eastát Tithíochta nua atá le forbairt i nGaeltacht Chiarraí. Cinnteoidh sé go mbeidh cosaint á thabhairt don teanga agus go mbeidh cosaint tugtha do Phleananna Teanga Chorca Dhuibhne agus Ciarraí Theas agus cabhróidh sé le na spriocanna sonracha atá leagtha amach sna pleananna sin a bhaint amach. Moltar an caighdeán líofachta don Chlásal Glactha teanga a ardú go B1.

## 6.0 Tábhacht na Gaeltachta:

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí tábhacht na gceantar Gaeltachta ó thaobh na turasóireachta, na feirmeoireachta agus na hiascaireachta de a aithint. Tá sé riachtanach go mbeidh pobal bríomhar in áit chun go mairfidh na tionscail agus na hearnálacha seo go héifeachtach is go buan. Díreach sa tslí go bhfuil gá le daoine a bheith ina gcónaí sna bailte agus ceantair uirbeacha faoi mar atá aitheanta go straitéiseach (m.sh. *Town Centre First*), is gá go mbeadh beocht daonna le feiceáil i dtírdhreacht na tuaithe chomh maith, agus tá ról bunúsach ag an gcur chuige pleanála a bheidh á chur i bhfeidhm sa chontae sna blianta amach romhainn leis sin.

## 7.0 Branda na Gaeltachta:

Táimid ag súil go ndéanfaí tagairt don Branda oifigiúil atá forbartha againn do tháirgeoirí agus lucht gnó na Gaeltachta. Ní fheictear dúinn go bhfuil aon tagairt sonrach déanta sa dréacht foilsithe.

Tá Branda na Gaeltachta forbartha ag Údarás na Gaeltachta le trí bliana anuas mar uirlis mhargaíochta agus seasann na trí chiorcal don trí ghné den bhranda seo – fiontraíocht, pobal agus teanga & cultúr. Tá an branda forbartha le haitheantas ar leith a thabhairt do thógraí, táirgí, seirbhísí agus éispearachas ar leith gur féidir a aimsiú sa Ghaeltacht.

'Gaeltacht na hÉireann' atá scríofa ar an mbranda seo a bhfuil sé i gceist aige íomhá shuaithinseach den Ghaeltacht a chur chun cinn mar áit ar leith ó thaobh na teanga, an chultúir, na hoidhreachta, na turasóireachta agus an ghnó.

Tá fáilte roimh gnóthaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás an branda a úsáid, ach níl úsáid an bhranda 'Gaeltacht na hÉireann' teoranta do chomhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón eagraíocht amháin agus mar sin bheadh sé ina chabhair go mbeadh an branda seo aitheanta mar chuid lárnach de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028 le go gcuirfí an coincheap chun cinn ar fud an Chontae agus ar fud na tíre.

## Achoimre

Tá sé éigeantach go ndéanfar gach deis tacaíochta agus forbartha a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta atá leochaileach agus imeallach le cinntiú go leanfaidh siad de

bheith inmharthanach mar phobal. Tríd an bPlean Forbartha Contae 2022-2028, déanfar na spriocanna agus dúshláin fhadtéarmacha sin a aithint agus a sholáthar a mbeidh iontaoibh ag an phobal astu sa mhéid is a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i mbunú fiontar nua, i gcruthú agus i gcaomhnú an bhonneagair fhostaíochta, i mbeartais pleanála teanga agus pobail a mbeidh d'aidhm acu oidhreacht, cultúr agus teanga na gceantar seo a chosaint agus a chaomhnú don chéad ghlúin eile.

Táimid ag tnúth lenár gcuid moltaí agus tuairimí a phlé libh in am trátha. Is mian linn freisin a dhaingniú go bhfuilimid tiomanta i leith tacú le Comhairle Chontae Chiarraí i bhfeidhmiú an Phlean Fhorbartha 2022-2028 sa Ghaeltacht. Fáilteoidh foireann an Údaráis roimh an deis casadh le Feidhmeannaigh na Comhairle chun cuidiú leo na míreanna den phlean forbartha mar a bhaineann go dlúth le Gaeltacht Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh a chíoradh agus a bheachtú.

Is mise le meas,

DocuSigned by:
Dónal Ó Liatháin
DD37FA404C3943C...

**Dónal Ó Liatháin**
**Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt**